

CEARDLANNA

CEARDLANN BALLAÍ CLOICHE
SNOÍODÓIREACHT RILÍFE
SNOÍODÓIREACHT LITREACHA



Inis Oírr, Árainn,
Contae na
Gaillimhe

Déardaoin go
dtí Dé Domhnaigh,
an 17 go dtí an 20
Meán Fómhair

2015

discoverinisoirr.com



Clár 2015



Tráthnóna Déardaoin, an 17 Meán Fómhair 2015

Teacht le chéile ag áras an Chomharchumainn chun obair agus spásanna oibre a leagan amach

5 i.n. – 6 i.n.
Cur i láthair agus cainteanna

Dé hAoine, an 18 Meán Fómhair 2015

9 r.n. – 4 i.n.
Ceardlanna

5 i.n. – 7 i.n.
Caint & Taispeántas

Dé Sathairn, an 19 Meán Fómhair 2015


9 r.n. – 4 i.n.
Ceardlanna

5 i.n. – 7 i.n.
Caint

Dé Domhnaigh, an 20 Meán Fómhair 2015

10 r.n.
Siúlóid faoi threoir timpeall an Oileáin

Glanadh na spásanna oibre sula n-imítear



Ceardlann A

Tógáil Ballaí Cloiche

Dé hAoine, an 18 Meán Fómhair (9 r.n. – 4 i.n.)

Dé Sathairn, an 19 Meán Fómhair (9 r.n. – 4 i.n.)

- Déanfar, mar chuid den cheardlann, balla cloiche de chineál faoi leith oileán Árann a thógáil.
- Is dócha nach bhfuil réimse chomh leathan ná chomh tréan de chineálacha ballaí cloiche agus atá ar oileáin Árann in aon áit eile ar domhan.
- Beidh an cheardlann seo oiriúnach do shaortha cloiche oilte agus d'fhoghlaimoirí.





Ceardlann B

Snoíodóireacht Rilífe le Alexandra Morosco

Dé hAoine, an 18 Meán Fómhair (9 r.n. – 4 i.n.)

Dé Sathairn, an 19 Meán Fómhair (9 r.n. – 4 i.n.)

Snoíodóireacht Litreacha agus Snoíodóireacht Rilífe - Teanga Cloiche gan Tráth ná Teorainn

Teanga a théann ar fud an domhain uile an tsnóidóireacht cloiche. Ar feadh réanna fada ama agus réimsí fairsinge cultúir, tá an duine ag dul i muintín na cloiche chun inscríbhinní agus dealbhadóireacht bhuan a chruthú sa chloch. Sa lá atá inniu ann, bíonn lucht snoíodóireachta ag feidhmiú mar a bhíonn ealaíontóirí agus ceardaithe nó an cheird thráchtála á shaothrú acu a ghabhann le healaín an chuimhneacháin agus na séadchomharthaí. I rith ár gcuid ama le chéile, scrúdófar an tsnóidóireacht chloiche agus an obair litreacha trí dhírú go géar ar íomhánna agus ar obair chloiche thraidisiúnta na hÉireann. Tugtar deis dhá lá iomlána a chaitheamh i mbun obair láimhe ag snoíodóireacht cloiche agus ag obair le litreacha. Beidh teimpléid le roghnú le téamaí Éireannacha agus téamaí idirnáisiúnta ionas gur túsce a bhíonn próiseas an deartha agus leagan amach déanta, nó is féidir íomhá, focal nó inscríbhinn de do chuid féin a thabhairt leat ar mhaith leat oibriú air! Ní gá taithí ar bith i ndáil le ceachtar den dá cheardlann dhá lá. Ba chóir do na rannpháirtithe díriú ar a theacht i láthair Déardaoin ionas go mbeifear réidh le tosú luath ar maidin Dé hAoine!

- Cuirfear béim sa cheardlann seo ar chineálacha éagsúla rilífe a scrúdú. Idir rilíf íseal (bas-relief) agus rilíf ard (alto-relief), eascraíonn cruthanna agus siombail as an gcloch mar íomhánna scéalaíochta, ag dul thar an tairseach idir saothar 2-d agus saothar 3-d.
- Is féidir leis na rannpháirtithe cloch a roghnú dóibh féin, a bheidh ar fáil le ceannach, nó oibriú ar thogra na meithle.
- Is iad na rannpháirtithe atá freagrach as a saothar féin a thabhairt ó láthair na ceardlainne ina ndiaidh. Nóta: tá teorainneacha meáchain i bhfeidhm maidir le bagáiste agus beartáin ar eitleáin Aer Árann.





Ceardlann C

Snoíodóireacht Litreacha le Tom Little

Dé hAoine, an 18 Meán Fómhair (9 r.n. – 4 i.n.)

Dé Sathairn, an 19 Meán Fómhair (9 r.n. – 4 i.n.)

- Ar an dianchúrsa dhá lá seo, treoróidh Tom daoine trí na céimeanna riachtanacha a theastaíonn chun togra lena mbaineann litreacha a ghreantar de láimh sa chloch a thabhairt i gcrích go sásúil d'fhonn iad a spreagadh chun cleachtadh breise a dhéanamh agus máistreacht a fháil ar an ealaín fadmarthanach seo.
- Beidh béim i rith na ceardlainne ar shnoíodóireacht litreacha rilífe. Beidh mórscript na hÉireann (mar atá i Leabhar Cheannanaís) mar eiseamláir agus taispeánfar do na rannpháirtithe leis an líníocht, an leagan amach agus snoíodóireacht ar fhocail a dhéanamh.
- Is féidir le daoine oibriú ar shaothar dá gcuid féin más é sin is mian leo.



Cainteanna & Siúlóidí

Déardaoin, an 17 Meán Fómhair 2015

5 i.n. – 7 i.n.

Fáilte agus cur i láthair leis an bhfoireann agus na teagascóirí ar fad agus cur síos ar chlár an deireadh seachtaine

Dé hAoine, an 18 Meán Fómhair 2015

5 i.n. – 7 i.n.

Ealaín na gCloch Soghluaiste
Taispeántas agus caint le Scott Hackney

Dé Sathairn, an 19 Meán Fómhair 2015

5 i.n. – 6 i.n.

Na Gráinseacha atá in Iarthuaisceart na Spáinne: Ag tógáil leis an Nádúr
Caint le Javier Fernández-Catuxo

Dé Sathairn, an 19 Meán Fómhair 2015

6 i.n. – 7 i.n.

Stair agus Athbheochan Ballí Cloiche na hOstaire
Mar a tháinig ballaí traidisiúnta na n-ardán i bhfonghoirt na hOstaire chun cinn i mbailte móra agus i ngarraithe agus ag Féile Stein und Wein 2015
Caint le Helmut Schieder agus Rainer Vogler

Dé Domhnaigh, an 20 Meán Fómhair 2015

10 r.n.

Siúlóid Threoraithe ar an Oileán
leis an Dr Patrick McGurn agus an Dr Amanda Browne



Moltaí agus Comhairle

Moltaí agus Comhairle do na Rannpháirtithe Uile

Moltar go mbeadh Lucht an Chúrsa gléasta mar is cóir don cheardlann agus go mbeadh bróga móra bairbín cruach, bróga troma nó bróga móra siúlóide orthu, miotóga oibre agus éadach atá oiriúnach don aimsir. Moltar go mbeadh Lucht an Chúrsa gléasta mar is cóir don cheardlann agus go mbeadh bróga móra bairbín cruach, bróga troma nó bróga móra siúlóide orthu, miotóga oibre agus éadach atá oiriúnach don aimsir.

Moltaí agus Comhairle do Rannpháirtithe na gCeardlann maidir le Snoíodóireacht Cloiche/Litreacha

Soláthairtí: Cloch & Uirlisí

Tugtar leat, le do thoil, uirlisí don saothar a mbeidh tú ag obair air nó tuigtear go mbeidh ort uirlisí nua a cheannach.

Uirlisí a mholtar a thabhairt leat nó a cheannach:

- Beidh an chuid is mó den obair á déanamh le huirlisí láimhe. Beidh roinnt uirlisí cumhachta agus gléasra aeroibrithe ar fáil ar mhaithe lena n-oibriú a thaispeáint.
- Leabhar nótaí, pinn luaidhe, glantóir don sceitseáil agus do na nótaí
- Casúr 1 lb. nó 1-1/2 lb.
- Bior singil cruach nó cairbíd tungstain.(1/2" nó 5/8")
- Ar a laghad dó nó trí de shiséil chothroma (moltar siséil chairbíd tungstain, 1/4", 1/2" 5/8",)
- Ar a laghad dhá shiséal ladhrach (garbh/ mín)



Beathaisnéisí

Alexandra Morosco

Le cruth an duine is mó a oibríonn Morosco i saothair mhóra agus i saothair níos lú agus níos pearsanta. Is í an chloch is mó a shaothraíonn sí, chomh maith le cré-umha agus meáin mheasctha chomh maith nuair a éilítear sin don saothar.

Tá Alexandra i mbun snoíodóireacht cloiche ón mbliain 1990 i leith nuair a bhí sí i mbun staidéir ar dhealbhadoireacht agus ar mhínealaín san California State University i Northridge, California. Thug sí teagasc go humhal uirthi féin maidir le snoíodóireacht cloiche agus tá sí ag obair ina dealbhadoir gairmiúil ó bhlianta an choláiste.

Tá obair déanta ag Alexandra le níos mó ná 75 foras oideachais ar fud na Stáit Aontaithe maidir le teagasc phraiticiúil agus siompóisiam faoi shnoíodóireacht cloiche a chur ar siúl. Ar an gceann is iomráití de na hócáidí sin, tá StoneFest a eagraítear ag an Marenakos Rock Center, i Seattle, Washington a bhfuil sí ina Stiúrthóir Bunaidh air.

Faoi láthair, tá sí ag obair ar shraith phearsanta faoin teideal: "Evoking Ireland, A Sculptural Expression of Place" ábhar ar mór atá a croí tugtha dó agus is tréine arís an cás sin mar gheall ar na tréimhsí fada atá caite aige i mbun snoíodóireachta ar oileáin Árann, ag múineadh ag Féile na gCloch agus ag teacht ar an tuisceant gur in Inis Oírr atá an dara baile aici. Cónaíonn sí faoi láthair in iarthuaisceart S.A.M. ar Whidbey Island i gcomharsanacht Seattle. Tá breis eolais ar fáil ar www.moroscofinearts.com.

Scott Hackney

Láidreacht, Straitéis agus strapaí! Tá 40+ bliain caite ag Scott le gnóthaí cloiche agus le garraíodóireacht pictiúrtha agus tá cuid mhór eolais aige le scaipeadh ar dhaoine faoi chlocha a chrochadh, a aistriú, a rigeáil agus a shocrú. Is duine é d'úinéirí Marenakos Rock Center, Seattle, Washington, SAM, tionscal a bhaineann o hiomlán le mulláin mhóra agus a n-aistriú ó A go B go héifeachtach sábháilte. Beidh Scott ag plé le luamhánacht, cothromaíocht, rátaí agus aicmí maidir le strapaí níolín agus rópaí sreinge, rigeáil, cumarsáid idir fir ar dhroim talún agus oibríteoirí agus cúrsaí eile. Más cloch sách beag atá tú a thabhairt aníos den talamh ar bhord bainc nó cloch mhór mhillteach a bhfuil na tonnaí meáchain inti, beidh comhairle ag Scott ar dhaoine a bhfuil leibhéil éagsúla cleachtaidh acu ar an damhsa atá le déanamh go sábháilte le clocha agus ar na straitéisí chun dul ina bhun!

Tom Little

Rugadh Tom Little i mBaile Átha Cliath agus d'fhás sé aníos i mBéal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe. Tá a mhuintir i mbun obair chloiche le fada fada. Cé gur le snoíodóireacht litreacha is mó a cheapann sé a chuid ceardaíochta féin, tá cleachtadh mór aige freisin ar ghearradh cloiche, ar shnoíodóireacht cloiche, ar shaoirseacht ballaí cloiche, ar dheardadh táirgí agus ar chúrsaí oiliúna.

Tar éis dul faoi oiliúint le Roe & O'Neill i mBaile Átha Cliath, chaith Tom Little tamall ag foghlaim faoi shnoíodóireacht litreacha leis an dealbhadoir agus an snoíodóir litreacha Michael Biggs. Chuaigh an tréimhse oiliúna sin i gcion go mór air ó thaobh a theacht in inmhe mar cheardaí.

Tá cuid mhór saothar déanta ar coimisiún aige ar fud na hÉireann.

Tá sé ar dhuine de na comhaltaí a bhunaigh Ceadchuallacht Snoíodóirí Litreacha na hÉireann.

Oibríonn Tom Little freisin ina theagascóir le Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí ag cur cúrsaí ar siúl faoi thógáil ballaí cloiche traidisiúnta agus faoi shaoirseacht cloiche.

Pat McAfee, Saor Cloiche

Patrick McAfee (Baile Átha Cliath, Éire) saor cloiche agus údar 'Irish Stone Walls', 'Stone Buildings' agus 'Lime Works'. Tá Patrick ina chomhalta boird/stiúrthóir ar The Stone Foundation (USA) agus ar Building Limes Forum Ireland agus le tamall anuas ar an Hot Lime Mortar Technology Transfer Programme le hAlbain. Bíonn baint aige le Féile na gCloch agus le Stonefest (USA) ó cuireadh tús leo agus le cuid mhór imeachtaí agus tionscadal eile ar fud na hEorpa agus Mheiriceá Thuaidh.

Javier Fernández-Catuxo


Rugadh Javier Fernández-Catuxo in Asturias na Spáinne. Tá céim sa Gheolaíocht aige, céim dochtúireachta sa Gheolaíocht (Peitreoíocht Struchtúrtha) agus céim MBA i mbainistíocht gnó idirnáisiúnta. D'oibrigh sé ina fhear geolaíochta le comhlachtaí mianadóireachta éagsúla san Eoraip agus i Meiriceá ar thóir an óir. Tá sé faoi láthair ina Bhainisteoir Ginearálta ar UROMAC - comhlacht déantúsaíochta idirnáisiúnta maidir le teicneolaíocht agus feithiclí iarnróid. Bronnadh Gradam Europa Nostra Award (Taighde) air san Aithin sa bhliain 2013.

Helmut Schieder

Garraíodóir pictiúrtha é Helmut Schieder atá ina theagascóir sa Choláiste Gairneoireacha agus Garraíodóireachta Pictiúrtha i Langenlois na hOstáire. Thug Helmut obair ar bhallaí cloiche isteach faoi scáth a réimse oibre timpeall is 10 mbliana ó shin agus is é a d'eagraigh an cheardlann Stein und Wein 2015 sa choláiste.

Rainer Vogler

Is múinteoir agus teagascóir daoine fásta é Rainer Vogler i scoil fíona Krems, agus tá feirm fhoraoiseachta á rith go páirtaimseartha aige. Idir na blianta 2003 - 2006, rinne sé comhordúchán ar HERCULE, tionscnamh ballaí cloiche de chuid an AE. Bíonn Fear Bhallaí Cloiche na hOstáire de leasainm air uaireanta agus tá níos mó ná 110 cúrsa ar a fhreastail 1500 duine agus 75 tionscnamh ballaí cloiche curtha ar bun aige ón am sin i leith.



Cé dó ar fiú a theacht?

Lucht Ballaí Cloiche, Feirmeoirí, Úinéirí Talún, Ailtirí, Lucht Tógála agus Lucht Ceirde, Seandálaithe, Lucht Foirne na nÚdarás Áitiúil, Rannpháirtithe ar Scéimeanna Sóisialta Tuaithe, Fostaithe de chuid Bhord Turasóireachta na hÉireann, Daoine ar spéis le an Stair Áitiúil, Pleanálaithe REPS / AEOS agus daoine ar bith ar spéis leo ballaí cloiche.

Taisteal go hInis Oírr

Ní mór do lucht freastail na gceardlann a gcuid socruithe taistil féin go hInis Oírr a dhéanamh. Tá comhlacht bád farantóireachta amháin a oibríonn idir Ros an Mhíl, Co. na Gaillimhe agus Inis Oírr agus tá comhlachtaí eile ag oibriú idir Dúlainn, Contae an Chláir agus Inis Oírr.

Báid Farantóireachta

Seo a leanas na sonraí comhfhreagrais:

Aran Island ferries: 091 568903

www.aranislandferries.com

Doolin Ferry: 065 7075555 / 065 7071710

www.doolinferry.com

Doolin 2 Aran Ferry: 065 7075949

www.doolin2aranferries.com

Eitleáin

Ní mór do lucht freastail na gceardlann a gcuid socruithe taistil féin a dhéanamh. Is féidir eitilt le Aer Árann as Indreabhán i gConamara, Co. na Gaillimhe.

Aer Árann - Uimhir teileafóin 091 593034

www.aerarannislands.ie

Lóistín

Tugtar faoi deara: Moltar duit lóistín agus taisteal a chur in áirithe sula ndéantar an cúrsa a chur in áirithe. Féach an liosta de dhaoine a chuireann lóistín agus modhanna taistil ar fáil.

Déan do chuid socruithe féin freisin, le do thoil, maidir le béile an tráthnóna.

Leaba & Bricfeasta in Inis Oírr

Bed & Breakfast in Inis Oírr

Baile an Fhormna / Formna Village

Caitríona Uí Chatháin

099 75090

Ceadaithe ag Fáilte Éireann

Baile Thiar / West Village

Ostán Inis Oírr

099 75020

Ceadaithe ag Fáilte Éireann

Brú/Hostel

09975024

Ceadaithe ag Fáilte Éireann

Máire Searraigh

099 75024

Máire Foley

099 75037

Barbara Uí Chonghaile

099 75025

South Aran House

09975073

Baile an Chaisleáin / Castle Village

Bríd Póil

099 75019

Áine Uí Ghríofa

099 75983

Baile an tSéipéil / Chapel Village

Bernie Uí Dhonncha

099 75088

Pádraig Ó Donncha

099 75000

Baile an Lurgain / Lurgan Village

Tigh Ruairí Ó Conghaile

099 75002

Béile an Tráthnóna

Is féidir béile an tráthnóna a chur in áirithe sna hionaid seo a leanas:

Tigh Ruairí: 099 75002 www.tighruairi.com

Ostán Inis Oírr: 099 75020 www.hotelinisoirr.com

South Aran House (trí áirithint amháin) 099 75073

www.southaran.com

Eolas breise faoin oileán:

Comhfhreagras: Comhar Caomhán Teo, Inis Oírr, Árann, Co. na Gaillimhe.

Guthán: 099 75008

Fax: 099 75071

discoverinisoirr.com


discoverinisoirr.com



Gailearaí







Foirm Chlárúcháin

Líon isteach le do thoil le **BLOCLITREACHA** agus seol ar ais leis an íocaíocht chuig:
An Cheardlann Cloiche, f/ch Gráinne Smyth, Pleanáil chun Cinn, Áras an Chontae, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Cnoc na Radharc, Gaillimh, Éire. .
Teil: 00353 91 509121 Ríomhphost: gsmyth@galwaycoco.ie

Moltar duit fótachóip a dhéanamh den fhoirm seo d'fhonn taifead a choinneáil duit féin.

Teideal: _____ Stoinne: _____ Ainm: _____

Seoladh: _____

Teil: _____ Ríomhphost: _____

Táille Clárúcháin: € _____

Cuirtear tic sa bhosca cúí

Ceardlann A

TÓGÁIL BALLAÍ CLOICHE

Táille don Cheardlann Iomlán
Na léachtaí, taispeántais ar fad,
tae/caife, agus lón ón Aoine
go dtí an Domhnach €75

Táille do Cheardlann Pháirteach

Léachtaí/Ceardlann na hAoine,
tae/caife & lón €25
Ceardlann an tSathairn,
tae/caife & lón €25
Ceardlann an Domhnaigh,
tae/caife & lón €25

Iomlán: € _____

Ceardlann B

SNOÍODÓIREACHT RILÍFE

Na léachtaí, taispeántais ar fad, tae/caife,
agus lón ón Aoine go dtí an Domhnach
NB: Tá teorainn le líon na n-ionad ar an
gceardlann seo

Táille don Cheardlann Iomlán: €100

Níl Táille Ceardlainne páirteach ar fáil

Ceardlann C

SNOÍODÓIREACHT LITREACHA

Na léachtaí, taispeántais ar fad, tae/caife,
agus lón ón Aoine go dtí an Domhnach
NB: Tá teorainn le líon na n-ionad ar an
gceardlann seo

Táille don Cheardlann Iomlán: €100

Níl Táille Ceardlainne páirteach ar fáil

Seolaim faoi iamh seic/dréacht bainc dar luach € _____ (Euro) le híoc le 'Comhairle Chontae na Gaillimhe – Ceardlann Cloiche 2015' atáim a chur chuig An Cheardlann Cloiche, f/ch Gráinne Smyth, Pleanáil chun Cinn, Áras an Chontae, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Cnoc na Radharc, Gaillimh, Éire.

Síniú: _____ Dáta: ____/____/____

Cén chaoi ar tháinig tú ar an eolas faoin gcomhdháil? Tríd an bPost Fógraíocht Idirlíon Eile

An chúis go bhfuil spéis faoi leith agat féin teacht i láthair...

.....
.....
.....

Íocaíocht

Ní mór an íocaíocht a dhéanamh in airgeadra an Euro.
Ba chóir seiceanna a dhéanamh amach le hóc le:
'Comhairle Chontae na Gaillimhe –
Ceardlann Cloiche 2015'

Iarratas ar Ceal

Déanfar aisíoc táillí (lúide táille riaracháin €20) ar
choinníoll go bhfaightear fógra i scríbhinn faoin
iarratas a chur ar ceal faoin 11 Meán Fómhair 2015.
Ní dhéanfar aisíoc ar bith tar éis an dáta sin.

Fiosrúcháin

Marie Mannion Uasal,
Oifigeach Oidhreachta,
Pleanáil chun Cinn,
Áras an Chontae,
Comhairle Chontae na Gaillimhe,
Cnoc na Radharc, Gaillimh
Teil: 00353 91 509198
Ríomhphost: mmannion@galwaycoco.ie

Gráinne Smyth/ Marian Donohue
Pleanáil chun Cinn, Áras an Chontae,
Comhairle Chontae na Gaillimhe,
Cnoc na Radharc, Gaillimh.
Teil: 00353 91 509121/509165
Ríomhphost: gsmyth@galwaycoco.ie
nó mndonohue@galwaycoco.ie
Láithreán Gréasáin: www.galway.ie
Beart de chuid Oidhreachta Chontae na Gaillimhe

Comhairle Chontae na Gaillimhe

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach as ceantar riaracháin Chontae na Gaillimhe, seachas ceantar Chathair na Gaillimhe. Tá an Chomhairle freagrach as pleanáil, dearadh agus tógáil bóithre, scéimeanna soláthar uisce, saoráidí draenála, tithíocht, stáisiúin dóiteáin, leabharlanna agus reiligí. Is caomhnóir an chomhshaoil í an Chomhairle agus déanann sí iarracht, trína polasaithe pleanála agus comhshaoil, feabhas a chur ar an gcontae chomh maith lena thréithe agus a atmaisféar uathúil a chosaint. Tá ról gníomhach aici chomh maithmaidir le forbairt gnóthaí tionscail, gnó, sóisialacha, ealaíon, oidhreachta agus cultúir an chontae.

Comhar Caomhán Teo

Is comharchumann forbartha pobail é Comhar Caomhán Teo atá ag feidhmiú ar Inis Oírr ó 1971. Tá ról lárnach ag an gComharchumann i bhforbairt an oileáin – idir forbairtí eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha. Tá ról ceannasaíoch ag Comhar Chaomhán Teo. i gcur chun cinn agus i mbainistiú áiseanna éagsúla ar an oileán. Tá ról láidir stocaireachta ag an gcomharchumann ag plé leis na ranna stáit éagsúla agus feidhmióan an comharchumann mar bhrúghrúpa agus mar ghuth láidir do mhuintir an oileáin. Tuilleadh eolais le fáil ar discoverinisoirr.com



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council